Eagrán : Meán Fómhair 2016

Gaelscoil Thaobh na Coille

NUACHTLITIR

# Gaelscoil Thaobh na Coille

## 20 BLIAIN AG FÁS 1995 - 2016

05/09/2016

## Dlúthdhiosca Scoile

Níl rud ar bith a ardaíonn mo chroí chomh mór le ceol gutha & uirlise a chloisteáil thart timpeall na scoile. Ón gcéad lá riamh I nGaelscoil Thaobh na Coille bhí ceol binn na bpáistí le cloisteáil i rith an lae agus ag ócáidí speisialta i rith na scoilbhliana. De réir mar a d'fhás an scoil agus de réir mar a chuaigh na páistí in aois tháinig méadú suntasach ar na huirlisí ceoil a bhí á seinnt ag na páistí. Tá an t-ádh dearg linn freisin go bhfuil sár-cheoltóirí i measc mhúinteoirí na scoile agus go roinneann siad an bua sin go flaithiúil ar na daltaí.




Agus muid ag ceiliúradh 20 bliain ag fás cheapamar go mba dheas an rud é dhlúthdhiosca ceoil a thaifeadadh a léireodh an dúil agus an grá atá againn i nGaelscoil Thaobh na Coille don cheol.

Ag deireadh na bliana anuraidh rinneamar taifeadadh ar na ranganna ar fad sa scoil ag canadh amhráin, ag seinm ceoil & ag aithris rannta. Tá dlúthdiosca álainn againn anois ar a bhfuil an 442 páiste a bhí sa scoil anuraidh 2015/2016 - gach páiste ó rang na naíonán shóisearacha go rang a 6.

### Dlúthdhiosca Scoile á Sheoladh

Launch of School CD

**Céadaoin 21 Meán Fómhair 7pm**

Beidh an dlúthdhiosca á sheoladh againn ar an gCéadaoin an 21 Meán Fómhair ag 7pm & beidh an dlúthdhiosca le ceannach ina dhiaidh sin ar €10 an ceann. Tá súil agam go mbainfidh sibhse an oiread taitnimh as a bheith ag éisteacht leis an dlúthdhiosca seo agus a bhaineamar as a bheith á chur le chéile. Mar a deir an seanfhocal '*Nuair a stopann an ceol, stopann an rince'* ach beimid ag rince feasta le cúnamh Dé.

*There is nothing that raises my spirits more than hearing the sound of music around the school. From the very first day the school opened it's doors in 1995 the children could be heard singing throughout the day and at special occasions throughout the school year. As the school grew in size and the children became older the number of children in the school who could play musical instruments also increased significantly. We are privileged to have so many fine musicians among the staff of the school who willingly share their talents with the pupils.*

*Music is an integral part of education in Gaelscoil Thaobh na Coille. As part of our 20th anniversary celebrations we decided to record a music CD that would showcase some of the musical talents of our pupils and teachers. We have produced a gorgeous CD named 'Fiche Bliain ag Fás' which features each and everyone of the 442 pupils from junior infants to sixth class who attended the school last year 2015/2016.*

*We will be launching the CD on Wednesday the 21st of September at 7pm . We hope to give you a taste of some of the songs and music featured on the CD and you will have a chance to buy the CD afterwards at a cost of €10. I hope you will enjoy the CD as much as we enjoyed putting it together. There is a phrase as Gaeilge that goes 'Nuair a stopann an ceol, stopann an rince' -when the music stops so does the dancing but we hope that to continue dancing our way through the next 20 years!*

Is mise le meas



Príomhoide

## Foirmeacha Sonraí Pearsanta

Muna bhfuil Foirm Sonraí Pearsanta 2016/2017 do pháiste(í) seolta ar ais agat cheana féin ar mhiste leat é a dhéanamh anois. Tá sé fíor-thábhachtach go mbeadh na sonraí cearta againn.

## Ailléirge Cnónna

Cuirimíd i gcuimhne daoibh arís gan cnónna nó bia le cnónna a bheith mar chuid de lón scoile do pháiste/pháistí mar go bhfuil **droch-ailléirge le cnónna** ag roinnt daltaí i ranganna éagsúla sa scoil.



## Éide Scoile

**Éide Scoile Iomlán**

Is gá do na páistí ar fad ó rang a 1 go rang a 6 an t-éide scoile iomlán, a chaitheamh an t-am ar fad. Caithtear an culaith spóirt ar an lá go ndéantar corp oideachas agus ar an lá sin amháin.

**Bróga Scoile**

Bróga **dubh** nó **dubhghorm** amháin ba cheart a bheith á chaitheamh ag na páistí ar scoil. Níl bróga nó bróga reatha il-daite ceadaithe. (Bróga reatha dubh, dubhghorm nó bán)

**Laethanta Corp Oideachais**

**Dé hAoine: R3, R4, R5, R6**

**Dé Luain : N1, N2, R1, R2**

**Na Naíonáin**

Tá sé de rogha ag na naíonáin an culaith spóirt a chaitheamh lá ar bith gur mian leo.

**Traenáil CLG**

Nuair a bhíonn treanáil CLG ar siúl laistigh d'am scoile (An Mháirt) caitheann na ranganna atá i gceist an culaith spóirt. Athraíonn na ranganna seo ó théarma go téarma.

1. Meán Fómhair/Deireadh Fómhair : **R1A, R1B, R2A & R2B**
2. Samhain/Nollaig : R1A, R1B, R3A & R3B

## Ceachtanna snámha

Freastalaíonn daltaí R1, R2 & R3 ar cheachtanna snámha i linn snámha Meadowbrook i mBaile an tSaoir mar chuid den Chorp Oideachas. Tá 3 sheisiún (9 seachtainí an seisiún) curtha in áirithe dár scoil rud a chiallaíonn gur féidir le rang ghrúpa éagsúil freastal ar ranganna snámha gach téarma. €65 an costas a bheidh ar na ceachtanna snámha seo (costas an bhus san áireamh). Seo a leanas na socraithe atá déanta againn don scoil bliain seo 2016/2017



Téarma 1 : **R3A & R3B : Ag tosú Dé hAoine 16/09/16 →**

Téarma 2 : R2A & R2B : Dé hAoine 20/01/2017 →

Téarma 3 : R1A & R1B : Dé hAoine 28/04/2017 →

## Péinteáil na Scoile

D'fhostaigh an Bord Bainistíochta Comhlucht Péinteála leis an an scoil a phéinteáil ó bhun go barr, laistigh & lasmuigh i rith an tSamhraidh. B'é Colm ár nAiríoch a choinnigh súil ghéar ar an obair péinteála agus cotha-bhála a déanadh thar an tSamhraidh. Chinntigh sé gur comhlíonadh an obair ar fad ar an gcaighdeán is airde agus in am d'oscailt na scoile ar an gcéad lá Meán Fómhair. Míle buíochas leat, a Choilm.



## Foirmeacha Sonraí Pearsanta

*If you have not returned your child's Personal Details Form for 2016/2017 please do so immediately, It is extremely important that we have the correct contact details for all pupils.*

## Nut Allergy

*We remind you all once again not to include nuts & foods containing nuts in your child/children's school lunch/lunches as there are several children throughout the school that suffer from **severe nut allergies**.*

## School Uniform

***School Uniform***

*All pupils from first to sixth class must wear the school uniform at all times. The school tracksuit is worn once a week i.e. the day on which they have P.E.*

***School Shoes***

*Only **black** or **navy** shoes are to be worn to school. Coloured shoes or runners are not permitted as they are not part of the school uniform. (Runners can be black, navy or white)*

***P.E. Days***

***Friday : R3, R4, R5, R6***

***Monday : N1, N2, R1, R2***

***Junior & Senior Infants***

*The infants have the option of wearing the tracksuit at all times or any day they wish.*

***GAA Training***

*GAA training takes place on Tuesdays during school hours. The classes involved in the training wear their tracksuit on Tuesdays. The classes change from term to term.*

1. *September/October : **R1A, R1B, R2A & R2B***
2. *November/December : R1A, R1B, R3A & R3B*

## Swimming lessons

*Swimming lessons are arranged for the pupils of R1, R2 & R3 in Meadowbrook swimming pool in Ballinteer as part of the physical education curriculum. Each class attends classes for 9 consecutive weeks. Three terms of 9 weeks each have been set aside for Gaelscoil Thaobh na Coille which means that one class group attends each term. The cost of the swimming lessons is €65 (which includes the cost of bus transport). The following arrangements have been made for this school year 2016/2017:*

*Term 1 : **R3A & R3B : Starting Friday 16/09/2016 →***

*Term 2 : R2A & R2B : Friday 20/01/2017 →*

*Term 3 : R1A & R1B : Friday 28/04/2017 →*

## Painting of the School

*The school's Board of Management hired in outside contractors to paint the school from top to bottom, inside and out during the summer. It was Colm our caretaker who oversaw all the painting and maintenance work that went on during the Summer months. He ensured that all works were carried out to the highest standard and works finished in time for the new school year. Míle buíochas leat, a Choilm.*

# Cór Náisiúnta na nÓg

Glacfaidh daltaí Rang a 5 & R6 páirt i gCór Náisiúnta na nÓg i mbliana. Foghlamóidh na daltaí clár 15 amhrán álainn I rith na i bliana agus canfaidh na daltaí mar chuid de Chór Náisiúnta na nÓg in ollcheolchoirm san Ionad Cispheile Náisiúnta i dTamhlacht i Mí Aibreán 2017.



# Imeachtaí Iar-Scoile

**Traenáil Peile**

Glacfaidh foirne peile sinsearacha na scoile (cailíní & buachaillí) páirt i léigeanna peile Chumann na mBunscol arís i mbliana. S'iad an Múinteoir Rónán Mac Niallais & An Múinteoir Colm Ó Coisdealbha a dhéanfaidh traenáil ar fhoireann na mbuachaillí. An Múinteoir Clíona Seoighe, An Múinteoir Aoife Ní Chearnaigh & an Múinteoir Karl Priestley a dhéanfaidh traenáil ar na cailíní. Fáiltítear roimh dhalta ar bith ó R5 go R6 freastal ar an dtraenáil. Beidh traenáil peile na mbuachaillí ar siúl ar an Mháirt agus beidh na cluichí léige na mbuachaillí ar siúl ar an Déardaoin. Beidh traenáil peile na gcailíní ar siúl ar an Luan agus beidh na cluichí léige na gcailíní ar siúl ar an gCéadaoin.

Ní bheidh an deis ag gach dalta imirt 'sna cluichí gach seachtain faraor mar go mbeidh i bhfad níos mó daltaí ag traenáil ná mar atá áiteanna ar an bhfoireann.



**Club Spraoi**

Feidhmíonn an Club Spraoi 4 lá in aghaidh na seachtaine i ndiaidh am scoile. Do dhaltaí ó R1 agus níos airde bíonn sé ar siúl óna 2.30pm go dti 4pm ón Luan go Déardaoin. Má tá breis eolais uait faoi is féidir ríomhphost a sheoladh chuig: Clubspraoitaobhnacoille@gmail.com nó déan teagmháil leis an Múinteoir Bróna Ní Bhaoill.

**Ranganna Fraincíse**

Do dhaltaí ó R5 - R6. Á reáchtáil ag an An Múinteoir Clíodhna Ní Leocháin.

**Ranganna Feadóg Mhóir**

Do dhaltaí ó R4 - R6. Á reáchtáil ag an Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa (rang lán)

**Ranganna Fidil**

Do dhaltaí ó R1 - R5. Á reáchtáil ag an Múinteoir Cormac Chambers (rang lán)

**Ranganna Bosca Ceoil**

Do dhaltaí ó R4 - R6. Á reáchtáil ag an Múinteoir Rícheal Ní Thiarnaigh (rang lán)

**Ranganna Giotar**

Do dhaltaí ó R5 - R6. Á reáchtáil ag an Múinteoir Colm Ó Coisdealbha

# National Children's Choir

*Our 5th and 6th class pupils will participate in The National Children's Choir this year. They will learn a wide & varied selection of 15 choral pieces during the year in preparation for the National Children's Choir Dublin Area Concert to be held in the National Basketball Arena in Tallaght in April 2017.*

# After School Activities

**Football Training**

*Our senior football teams (boys & girls) will be participating in the Cumann na mBunscol football league again this year. An Múinteoir Rónán Mac Niallais & an Múinteoir Colm Ó Coisdealbha an will manage the boys football team and an Múinteoir Clíona Seoighe, an Múinteoir Aoife Ní Chearnaigh & an Múinteoir Karl Priestley will manage the girl's team. All pupils from R5 - R6 are welcome to attend training. Training for the boys will take place on Tuesday afternoons with league matches being played on Thursdays. Training for the girls will take place on Monday afternoons with league matches being played on Wednesdays. Not all pupils will get to play in the matches every week as the number of children wishing to attend training far out ways the number of children allowed on each football team.*

**Club Spraoi**

*The 'Club Spraoi' is up and running 4 days per week after school. For children in R1 & above, it runs from 2:30 to 4pm Monday to Thursday. If you require any other information regarding the 'Club Spraoi' please email: Clubspraoitaobhnacoille@gmail.com or contact An Múinteoir Bróna Ní Bhaoill.*

**French Classes**

*Open to pupils in R5 - R6. Run by An Múinteoir Clíodhna Ní Leocháin.*

**Flute Classes**

*Open to pupils in R4 - R6. Run by An Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa (class full)*

**Fiddle Classes**

*Open to pupils from R1 - R5. Run by an Múinteoir Cormac Chambers (class full)*

**Button Accordian Classes**

*Open to pupils from R4 - R6. Run by an Múinteoir Rícheal Ní Thiarnaigh (class full)*

**Guitar Classes**

*Open to pupils in R5 - R6. Run by An Múinteoir Colm Ó Coisdealbha.*




## Ranganna Gaeilge do Thuismitheoirí

Beidh ranganna comhrá Gaeilge do thuismitheoirí á reachtáil ag an Múinteoir Fiona Ní Chléirigh ar an gCéadaoin i mbliana. Beidh siad ag tosú i mí Deireadh Fómhair. Tuile eolais le teacht níos giorra don am.

## Ranganna Gaeilge for Parents

*An Múinteoir Fiona Ní Chléirigh will run Irish conversational classes for parents on Wednesday evenings this year. The classes will start in October. More information, times & dates will follow shortly.*




## Mion-athruithe maidir le Socraithe Bailithe

**Ar Maidin**

Baileoidh N1, N2 R1 & **R2** ar an gclós tosaigh os comhair na scoile ag 8.50am.

Baileoidh R3, R4, R5 & R6 ar an gclós mór ag taobh na scoile (clós cispheile) ag 8.50am.

**Am Dul Abhaile**

Bailítear N1 & N2 ón gclós tosaigh os comhair na scoile ag 1.30pm gach lá. (Tiocfaidh N1 amach doras na naíonáin agus tiocfaidh N2 amach an doras tosaigh).

Bailítear daltaí R1, R2, R3, R4, R5 & R6 ón gclós mór ag taobh na scoile ag 2.30pm (gan athrú)

## Minor Changes in Drop off & Collection Arrangements

**Morning Time**

*N1, N2 R1 and **R2** will gather in the yard to the front of the school at 8.50am.*

*R3, R4, R5 and R6 will gather in the big yard to the side of the school (basketball courts) at 8.50am.*

**Home Time**

*N1, N2 are collected from the yard to the front of the school at 1.30pm. (N1 will exit via the Infants' door. **N2** will exit via the front door).*

*R1, R2, R3, R4, R5 and R6 are collected from the big yard to the side of the school at 2.30pm (no change)*

## Páirceáil Neamhúdaraithe i mBeallairmín

Tá iarrtha ag PETRA Property - an comhlacht bainistíochta a fheidhmíonn ar son comhlacht forbartha Bheallairmín, orainn a chur i gcuimhne do thuismitheoirí na Gaelscoile nach bhfuil sé ceadaithe páirceáil in am ar bith 'sna hionaid páirceála atá ainmnithe do thionóntaithe Bheallairmín.



## Unauthorised Parking in Belarmine

*PETRA Property - the property management company acting for Belarmine Development has requested that we remind the parents of Gaelscoil Thaobh na Coille that they are not permitted to park in any of the Designated Residential Parking areas in Belarmine estate.*

## Fáilte Mhór Roimh na Naíonáin Shóisearacha



N1A leis an Múinteoir Rícheal Ní Thiarnaigh



N1B leis an Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn